



**Oide**

Tacú leis an bhFoghlaim  
Ghairmiúil i measc Ceannairí  
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional  
Learning of School Leaders  
and Teachers

# Droichead

## Uirlis Breathnóireachta don tSeomra Ranga

### Earnáil Bunscoile



## Clár

1. Tús Eolas ar Bhreathnóireacht agus Plé	1
2. Phrionsabal na Breathnóireachta agus an Plé	2
3. Breathnóireacht agus Próiseas Droichead	3
4. An Timthriall Cóitseála	4
5. Breathnóireacht a dhéanfadh an MNC	5
6. Breathnóireacht ar an MNC	6
7. Príomh-mheabhrúcháin	13
8. Aguisíní	15
Aguisín 1: Cuntas de Bhreathnóireacht a dhéanfadh	15
Aguisín 2: Creat Réamhbhreathnóireachta le Leideanna Plé	16
Aguisín 3: Creat Réamhbhreathnóireachta agus Ceachtphlean ar Leith	17
Aguisín 4: Cuntas Iar-bhreathnóireachta ar an MNC (teimpléad)	18
Aguisín 5: Cuntas Iar-bhreathnóireachta ar an MNC (Sampla)	19

## 1. Tús Eolas ar Bhreathnóireacht agus Plé

Déantar breathnú mar chuid de phróiseas iltaobhach ionductaithe de bhrí go dtugann sé deiseanna duit foghlaim ó do chomhghleacaithe gairmiúla. Tá an tsamhail bhreathnóireachta i bpróiseas Droichead bunaithe ar shamhail phiarbhreathnóireachta.

Na príomhphointí faoin bpiarbhreathnóireacht:


- Feidhmíonn sé mar fheithicil d'fhorás gairmiúil seachas mar mheastóireacht feidhmíochta
- Cuireann sé forbairt ghairmiúil mar cuid den phost chun cinn
- Is iad múinteoirí ag breathnú ar mhúinteoirí eile a fheabhsaíonn na cleachtais teagasc agus foghlaim daltaí
- Má dhéantar i gceart é, déantar é ar shlí phraiticiúil ábhartha
- Is féidir le múinteoirí a gcuid scileanna a fheabhsú trí bhreathnú ar phiar i dtimpeallacht chuimsitheach shábháilte foghlama
- Is fearr a éiríonn le breathnóireacht múinteoirí nuair a oibríonn an múinteoir agus an breathnóir le chéile agus nuair a dhéanann siad machnamh le chéile
- Cuireann sé tacaíocht fócasaithe ar fáil
- Is tacaíocht é ó 'shaineolaí' (piar) a thuigeann gnáthéilimh an tseomra ranga
- Méadaíonn sé iontaobh agus comhghleacaíocht i measc na foirne
- Laghdaítear strus an phoist ar an múinteoir, nuair is eol dóibh go bhfuil comhghleacaí ann chun cabhrú agus chun rudaí a mhíniú.

Seo an méid a mholann an Chomhairle Múinteoireachta:

*"...ba chóir díriú ar bhreathnóireacht ar fhoghlaim an dalta agus ar an teagasc. Ina dhiaidh sin, ba chóir díriú ar chaighdeán na comhairle ... agus, go háirithe, ar na réimsí inar mó an gá le tacaíocht."* (Beartas Droichead 2017, lch. 5)

**Is é cuspóir gach breathnóireachta cur leis an teagasc agus an leis an bhfoghlaim i seomra ranga an mhúinteora nuacháilithe (MNC).**

## 2. Príomhphrionsabail na Breathnóireachta agus an Phlé



Fíor 1: Príomhphrionsabail na breathnóireachta agus an phlé

**Tacúil:** Déantar an bhreathnóireacht i spiorad tacúil agus ní i spiorad meastóireachta. Conas is fearr is féidir liom tacú leis an mhúinteoir nua cháilithe (MNC) seo chun an teagasc agus an fhoghlaim a bhreisiú? Tá sé tábhachtach cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith breathnóireachtaí – ní hiad an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla agus an MNC amháin atá i gceist. Féadfaidh MNCanna breathnú ar óst-mhúinteoirí eile (nach baill den FTG iad). Is cuid chuiditheach agus dílis den mhúineadh, den fhoghlaim agus den mheasúnú ar dhaltaí an bhreathnóireacht a *dhéanann* MNCanna agus a *dhéantar* ar MNCanna.

**Foirmitheach:** Is príomhuirlis í an bhreathnóireacht leis an tacaíocht agus an fás gairmiúil a chumasú – breathnóireacht mar fhoghlaim agus ar son na foghlama. Seo an cuspóir atá le breathnóireachtaí a dhéantar mar chuid de phróiseas Droichead:

- Páirt a thabhairt do na foghlaimeoirí sa phróiseas foghlama
- Cabhrú le daoine a riachtanais féin a aithint
- Taithí na bhfoghlaimeoirí féin a úsáid le linn na foghlama
- Eispéiris foghlama a bhunú ar fhadhbanna san fhíorshaol
- Deiseanna a sholáthar láithreach chun foghlaim nua a chleachtadh


- Caitheamh le botúin mar ócáidí foghlama

**A bheith comhoibritheach:** Tá buntáistí do chách sa bhreathnóireacht a dhéanann múinteoirí, idir iad siúd a bhfuil taithí acu agus MNCanna, ar a chéile. Cuireann an próiseas an comhoibriú chun cinn laistigh de phrótaicail agus struchtúir aontaithe. Comhoibríonn an breathnóir agus an MNC chun an ceachtphlean a bheachtú agus a aontú agus tá plé comhoibritheach i gceist sa chéim réamhbhreathnóireachta agus sa chéim iar-bhreathnóireachta, nuair a bhíonn nearta an cheachta á n-aithint.

**Machnamhach:** Cuirtear cleachtas machnamhach chun cinn tríd an bpróiseas breathnóireachta, ach go háirithe mar chuid den phlé réamhbhreathnóireachta agus iar-bhreathnóireachta.

### 3. Breathnóireacht agus an Próiseas Droichead

Eilimint thábhachtach de phróiseas Droichead is ea breathnú a dhéanamh ar mhúinteoirí eile agus iad i mbun oibre. Moltar go ndéanfadh an MNC dhá bhreathnóireacht ar a laghad ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu, agus go ndéanfadh baill an FTG dhá bhreathnóireacht ar a laghad ar an MNC.



Fíor 2: Samhail Bhreathnóireachta Droichead

Comhairlíonn an Chomhairle Múinteoireachta ina bheartas (*An Creat Comhtháite Gairmiúil Ionduchtaithe*), “Ba chóir do bhreathnóireachtaí an FTG ar an MNC díriú ar na réimsí ina mbraitheann an MNC go bhfuil comhairle, cabhair agus tacaíocht de dhíth uirthi/air. Mar sin ba chóir an MNC a spreagadh chun múineadh a dhéanamh sa réimse inar mó a riachtanas foghlama. Is féidir comhrá gairmiúil a bhunú ar an


*mbreathnóireacht sin níos déanaí.* (An Comhairle Mhúinteoireachta, 2017, l.5).

Ba chóir líon na mbreathnóireachtaí agus na ceachtanna a bhreathnófar a bhunú ar riachtanais an MNC agus iad a aontú trí chomhráite gairmiúla idir an MNC agus baill an FTG. Socraítear gach breathnóireacht roimh ré, agus tugtar deiseanna do MNCanna chun foghlaim óna gcomhghairmithe.

Chun gach tairbhe a bhaint as an tacaíocht is féidir leis an FTG a thairiscint don MNC agus chun an múineadh agus an fhoghlaim a chur chun cinn, moltar go láidir tosú ar bhreathnóireachtaí a luaithe is féidir i bpróiseas an MNC. Ba chóir breathnóireachta a sceidealú go sealadach i Sracphlean Droichead ón tús.

#### 4. An Timthriail Cóitseála

Bíonn ar mhúinteoirí cinntí a dhéanamh de shíor bunaithe ar an lúb aiseolais seo: pleanáil, gníomhú, toradh agus mionathrú. Ní amháin go gcuimsítear sa bhreathnóireacht iompar sa seomra ranga a thabhairt faoi deara agus a fheabhsú ach is gá féachaint go géar ar na próisis mhachnaimh, fadhbréitigh, agus chinnteoireachta a tharlaíonn roimh agus tar éis gach ranga. Is minic an thugtar an timthriall cóitseála ar an bpróiseas seo – Réamhbhreathnóireacht, Ullmhú, Breathnóireacht sa Seomra Ranga agus Plé Iarbhreathnóireachta



Fíor 3: An Próiseas Trí Chéim agus An Timthriall Cóitseála

Ó thús deireadh phróiseas Droichead, úsáidtear próiseas trí chéim i ngach breathnóireacht cibé an í an MNC atá ag breathnú ar ghairmí a bhfuil taithí aici nó gairmí ag féachaint ar MNC. Is gá aird agus am a chaitheamh ar gach eilimint den phróiseas. Mar sin féin, tá difríocht shoiléir idir an bhreathnóireacht a dhéanann an MNC agus an bhreathnóireacht a dhéantar uirthi/air. Is sa bhreathnóireacht ar an MNC a thugtar isteach eilimint na ‘cóitseála’ – ceisteanna géara a chur ar shlite a mhisneoidh an MNC chun smaoineamh ar shlite chun an ceachtphlean a shaibhriú agus a thabharfaidh deis dóibh dul i bhféinmhuinín mar chleachtóir machnamhach a smaoiníonn a iarmhairtí an phlean agus a ngníomhaíochtaí agus a dhéanann mionathruithe tar éis smaoineamh go cúramach ar na torthaí.

## 5. Breathnóireacht a dhéanfadh an MNC

**Ba chóir deis a bheith ag MNCanna chun breathnóireacht a dhéanamh ar chomhghleacaí a bhfuil taithí aici/aige sula dtéann sí/sé faoi bhreathnóireacht ó bhall den FTG.** Go hidéalach, breathnaíonn an MNC ar bhall den FTG uair amháin ar a laghad agus/nó is féidir go mbreathnóidh an MNC ar mhúinteoirí eile a bhfuil taithí acu (nach baill den FTG iad). Áirítear air sin, b’fhéidir, múinteoir a mhúinfeadh rang an MNC nó a rang féin.

### Fócas na Breathnóireachta

Dála gach breathnóireacht le linn phróiseas Droichead, ba chóir go ndíreofaí le linn breathnóireacht a dhéanfadh an MNC, ar riachtanas a d’aithin an MNC i gcomhar leis an FTG.

### An Próiseas Trí Chéim (Gan aon chóitseáil)

#### 1) Ullmhú Réamhbhreathnóireachta

Ba chóir go gcasfadh an MNC leis an óstmhúinteoir roimh an bhreathnóireacht chun fócas agus prótacail na breathnóireachta a phlé. Déanann an MNC an bhreathnóireacht ar mhaithe le gnéithe a chur i bhfeidhm ina gcuid teagaisc féin.

#### 2) Breathnóireacht

Cuirtear prótacail bhreathnóireachta lena n-áirítear lóistíocht, rúndacht srl., a chomhroinntear agus a aontaítear idir an MNC agus an FTG ag an gcéad chruinniú (ag



tús phróiseas Droichead an MNC) i bhfeidhm maidir le breathnóireachtaí a dhéanadh an MNC, leis. Faoin teimpléad molta in Aguisín 1 thíos, féadfaidh an MNC dhá ghné a gcuireann siad spéis ann a aithint agus a úsáid ina rang féin.

### 3) **Cuntais Iar-bhreathnóireachta**

Tairgeann an plé iar-bhreathnóireachta leis an óstmhúinteoir deis don MNC chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus scrúdú níos mine a dhéanamh ar an gnéithe is mó spéis dóibh. Is féidir leis an MNC an teimpléad in Aguisín 1 a úsáid le linn an phlé iar-bhreathnóireachta leis an óstmhúinteoir. Is féidir go dteastóidh ón MNC scrúdú níos mine a dhéanamh ar ghné amháin den cheacht a chonaic siad. Bunaítear an plé ar an méid a thug an MNC faoi deara agus ar an tslí a bhféadfaidís an fhoghlaim sin a chur i bhfeidhm ina gcleachtas féin – tá siad ag foghlaim ar mhaithe lena chur i bhfeidhm. Tríd an bplé seo, éiríonn foghlaim an MNC níos doimhne. Is féidir go roghnóidh MNCanna a gcuid foghlama a ghabháil ina Taisce. Is féidir go roinnfidh an MNC a gcuid foghlama leis an FTG ach níor chóir dóibh aon tuairim a thabhairt ar chleachtas aonair na múinteoirí (rúndacht).

### 6. **Breathnóireacht ar an MNC**

Moltar don FTG dhá bhreathnú ar a laghad a dhéanamh. Beidh an FTG, i gcomhar leis an MNC, ar an ngrúpa is fearr le cinneadh, ar bhonn cáis, cá mhéad tuairim is féidir a bheidh riachtanach.

### **Fócas na Breathnóireachta**

Chun gach buntáiste a bhaint as an ngníomhaíocht ionductaithe seo, ba chóir an bhreathnóireacht a bhunú ar riachtanais an MNC atá ag teacht chun cinn, *“Ba chóir do bhreathnóireachtaí an FTG ar an MNC díriú ar na réimsí ina mbraitheann an MNC go bhfuil comhairle, cabhair agus tacaíocht de dhíth uirthi/air. Mar sin ba chóir an MNC a spreagadh chun múineadh a dhéanamh sa réimse inar mó a riachtanas foghlama.”* (An Comhairle Mhúinteoireachta, 2017, l.1).

Aontaíonn an FTG agus an MNC an fócas (réimse amháin nó dhó) roimh an chruinniú réamhbhreathnóireachta. Is é aidhm na breathnóireachta fócasaithe seo breisiú a dhéanamh ar mhúineadh, foghlaim agus measúnú daltaí i seomra ranga an MNC, de réir chaighdeáin na Comhairle Múinteoireachta.



Fócas na Breathnóireachta		
Samplaí (Bunaithe ar riachtana(i)s aitheanta an MNC)		
Pleanáil Ceachta	Gníomhaíochtaí Foghlama	Struchtúr na Seirbhíse
An bhfuil na torthaí (nó na hintinní) <ul style="list-style-type: none"> <li>soiléir</li> <li>sainiúil</li> <li>insroicthe?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oiriúnacht</li> <li>Eagraíocht</li> <li>Obair bheirte/ghrúpa</li> <li>Rannpháirtíocht daltaí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Réamhrá</li> <li>Forbairt</li> <li>Críoch</li> <li>Luas</li> </ul>
Modheolaíochtaí Teagaisc	Usáid Achmhainní	Idirdhealú
<ul style="list-style-type: none"> <li>Nasctha le heispéiris foghlama</li> <li>Oiriúnacht</li> <li>Éagsúlacht</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oiriúnacht</li> <li>Dáileadh</li> <li>Úsáid</li> <li>Stóráil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oiriúnacht don dalta agus don cheacht</li> <li>Dúshlánach do chách</li> <li>Straitéisí éagsúla</li> </ul>
Bainistíocht an tSeomra Ranga	Measúnú	Scileanna cumarsáide
<ul style="list-style-type: none"> <li>Leagan amach an tseomra ranga</li> <li>Rialacha agus gnásanna</li> <li>Iarmhairtí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oiriúnacht don dalta agus don cheacht</li> <li>Éagsúlacht sna straitéisí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An gaol agus an idirghníomhaíocht idir an múinteoir agus na daltaí agus idir dhaltaí</li> <li>Ceistiú</li> <li>Míniú</li> <li>Aiseolas do dhalta(i)</li> <li>Úsáid an ghutha</li> </ul>
Aistrithe	Eile	Eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ábhartha</li> <li>Éifeachtach</li> <li>Rannpháirtíocht</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li></li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li></li> </ul>

Fíor 4: Fócas na Bhreathnóireachta

## **An Timthriall Cóitseála**

Baintear úsáid as an bpróiseas trí chéim le heilimint shuntasach cóitseála sna breathnóireachtaí a dhéantar den MNC. Bunaithe ar an mbunstruchtúr céanna, scrúdaíonn an ball den FTG na céimeanna réamhbhreachta agus iarbhreachta in éineacht leis an MNC. Cuireann an struchtúr tacaíochta seo ar chumas an FTG cabhrú leis an MNC tairbhe a bhaint as an gclár agus díriú ar bhreisiú an teagaisc agus na foghlama.

### **1) Ullmhú Réamhbhreachta**

Tar éis fócas agus ceacht oiriúnach a aithint chun díriú ar an riachtanas/fócas, bíonn cruinniú ag an mball den FTG agus an MNC chun an ceacht a phlé. Glactar leis go mbeidh réamhobair déanta ag an MNC ar an gceacht áirithe seo roimh ré agus go mbeidh sí/sé ullamh chun toradh/torthaí; gníomhaíochtaí foghlama; difreáil; measúnú srl. a phlé. Chuige sin, is féidir go mbeidh an ***Creat Réamhbhreachta agus Ceachtphlean Sonrach*** (Aguisín 3) úsáideach. Is féidir eagarthóireacht a dhéanamh ar an teimpléad seo agus tá sé ailínithe leis an bPlean Gearrthéarmach seachtainiúil. Mar sin féin, ba chóir go mba leor an Plean Seachtainiúil i gcás ábhair mar OSPS. D'úsáidfeadh an MNC an doiciméad /na doiciméid mar thaca leis an gcomhrá gairmiúil.

Tosaíonn an ball den FTG ag cóitseáil ag an gcéim seo - ag cur ceistanna géara chun an ceachtphlean a shoiléiriú agus a bheachtú. Tacóidh an ball den FTG leis an MNC chun smaoineamh ar iarmhairtí an phlean (m.sh. an straitéis bheartaithe measúnaithe) agus mionathruithe a dhéanamh bunaithe ar mhachnamh i gcomhar. Déanann an MNC na mionathruithe sin ar a réamhphlean. Is féidir go mbeadh an ***Creat Réamhbhreachta le Leideanna do Phlé*** (Aguisín 2) úsáideach don MNC chun an comhrá a scafalú. (Is féidir an doiciméad seo a chomhroinnt leis an MNC roimh an chruinniú chun tacú leis an réamhphleanáil. Cinnteoidh an comhoibriú sin idir an ball den FTG a dhéanfaidh an bhreachta agus an MNC go mbeidh an phlean **ullamh don seomra ranga**.

Leagtar amach in Portner (2008) cuspóir agus tábhacht an phlé réamhbhreachta:



*'Laistigh de chúpla lá den bhreathnóireacht sceidealta sa seomra ranga, ...tar le chéile go príobháideach ar feadh idir 20 agus 30 nóiméad chun plé a dhéanamh...Is é do chuspóir anseo a chur ar chumas an MNC na cuspóirí foghlama a chur i bhfocail agus a shoiléiriú, straitéisí a mhínchoigeartú, smaoineamh ar iompar dalta a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach, pleananna a bheachtú chun monatóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim daltaí, agus smaoineamh ar bhealaí chun an teagasc a choigeartú... is é d'fheidhm ... ceisteanna géara a chur ar shlite a spreagfaidh do MNC chun smaoineamh ar shlite leis an gceachtphlean a shaibhriú, agus a thabharfaidh deis di/dó féinmhuinín a fhorbairt mar chleachtóir machnamhach a smaoiníonn ar iarmhairtí an phlean agus na ngníomhaíochtaí agus a dhéanann mionathruithe bunaithe ar mhachnamh ar na torthaí féideartha.'* (Teacher Mentoring and Induction, Hal Portner, 2008).

Chun an plé réamhbhreathnóireachta a thabhairt chun críche, ní mór don MNC agus an ball den FTG an prótacal agus an lóistíocht ábhartha a aontú. Tá sé tábhachtach go ndíreofaí ar na gnéithe praiticiúla ionas go bhfuil tuiscint shoiléir fhrithpháirteach ann. Ba chóir go n-éascódh sé sin an próiseas don bheirt mhúinteoirí. Is féidir go mbeidh na cásanna seo a leanas úsáideach:

- Am agus fad an cheachta: socraigh dáta agus am an cheachta agus fad na breathnóireachta
- Ionad an cheachta: m.sh. seomra ranga; halla gleacaíochta; leabharlann
- Ról an bhall den FTG: an mbeidh an ball sin rannpháirteach (m.sh. an labhróidh sí/sé leis na daltaí; an mbeidh cómhúinteoireacht ann?) nó an mbeidh sí/sé ag breathnú amháin? Teacht ar chomhaontú cibé an ngníomhóidh an ball den FTG má bhíonn fadhb ag an MNC.
- Áit bhreathnóireachta: an áit sa seomra ranga a suífidh an ball den FTG le linn an cheachta.
- Breacadh nótaí ag an mball den MNC: má bheartaíonn an ball den FTG nótaí a bhreacadh le linn na breathnóireachta (díreach mar aide memoire), tá sé tábhachtach go gcuirfí é sin in iúl agus go n-aontófaí é roimh ré leis an MNC. Dhéanfaí na nótaí a chomhroinnt ina dhiaidh sin leis an MNC chun tacú leis an bplé agus ní bheidh gá le nótaí tar éis an *Cuntas Iar-bhreathnóireachta* a aontú.
- Am do phlé iar-bhreathnóireachta: am a aontú, agus dóthain ama a fháil le haghaidh plé fócasaithe. Socraigh áit chiúin chun labhairt leis an MNC ionas nach mbeidh mórán cur isteach agus gur féidir labhairt faoi rún. Is féidir nach mbeadh an seomra



foirne oiriúnach! Am machnaimh a chur i leataobh (don MNC agus don bhall den FTG) tar éis na breathnóireachta chun an plé iar-bhreachnóireachta a shaibhriú. B'fhéarr an plé seo a dhéanamh ar an lá céanna leis an mbreathnóireacht, nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

## 2) **Breathnóireacht ar Cheacht**

Ag cloí leis na prótacail agus na socruithe aontaithe, is é aidhm an bhreathnóra a fháil amach:

1. Cé mhéad atá á fhoghlaim ag na daltaí?
2. Cén fhianaise atá ann ar fhoghlaim na ndaltaí?
3. Cad atá ag cuidiú leis an bpróiseas foghlama nó ag cur bac air?

## 3) **Cuntais Iar-bhreachnóireachta**

Is é an plé iar-bhreachnóireachta an chéim dheiridh den Timthriall Cóitseála. Feicimid scileanna an bhaill den FTG i bhfeidhm anseo uair amháin eile, m.sh. ag ceistiú, ag éisteacht, ag léiriú comhbhá, ag achoimriú, ag athrá, ag tabhairt aiseolais, ag socrú spriocanna, ag beartú gníomhaíochtaí.

Portner (2008) captures the essence of the post-observation discussion:

*“Your goal ... is to encourage your mentee to assess the effectiveness of the lesson, to identify factors that contributed to and interfered with student learning, and to consider why he or she may have used alternative instructional strategies at times. Any feedback you give will be in the form of what you saw or heard. Stick to objective facts. Keep your opinions of what went on during the class to yourself. Avoid telling your mentee what you think should have been done. Your methodology during the post-observation conference, as it was during the pre-observation conference, is to probe with open-ended questions”* (Teacher Mentoring and Induction, Hal Portner, 2008).

Trí sheasamh éascaíochta a ghlacadh agus ceisteanna oscailte a chur, cabhróidh tú leis an MNC machnamh a dhéanamh ar a smaointe féin, cleachtas machnamhach a bhunú, agus scileanna dírithe ar réitigh a shealbhú. Is féidir go mbeidh sé úsáideach do bhaill an FTG féachaint ar na ceisteanna, leideanna agus/nó fréamhacha machnamhacha seo a leanas anois. Le himeacht ama, leathnóidh tú do rogha ceisteanna agus fréamhacha.



**Ceisteanna, leideanna agus fréamhacha chun tacú leis an bplé:**

- Conas a d'éirigh leis an gceacht?
- Cén fáth a gceapann tú é sin?
- Cá bhfios duit gurb sin an fáth?
- Nuair a ... tusa, ba é fhreagairt na ndaltaí ... Cén fáth ar tharla sé sin meas tú?
- Cad a shíl tú a tharlódh nuair ...?
- Ar chuir aon rud iontas ort?
- Cad é an rud is mó a thug sásamh duit? Cén fáth?
- Cabhraigh liom tuiscint a fháil ar an méid a chuir tú san áireamh agus an ghníomhaíocht seo á phleanáil agat?
- Má mhúineann tú an ceacht seo arís, an ndéanfá aon chuid de ar bhealach eile? Cén fáth?
- Nuair a d'fhéachamar ar an bpleanáil, bhíomar ar aon fhocal faoi X (m.sh. an measúna nó na straitéisí difreála nó na gníomhaíochtaí foghlama). Tar éis an ceacht a mhúineadh, an dóigh leat fós go bhfuil sé/said sin oiriúnach?

**Aiseolas a thabhairt, más gá:**

Ar dtús, is féidir nach mbeidh MNCanna áirithe ar a gcompord ag aithint a gcuid dea-thréithe agus á n-ainmniú os ard do chomhghleacaí. Cé go bhfuilimid **ag obair i dtreo plé nó dialóg idir comhghleacaithe**, ag an tosach is féidir go mbeidh sé riachtanach don bhall den FTG dea-shampla a thabhairt trí aiseolas a thairiscint, dul ar aghaidh chuig aiseolas mar aon le roinnt plé, agus ar deireadh go plé idir phiaraí.

I gcás ina mbíonn tacaíocht de dhíth ar an MNC chun anailís a dhéanamh ar an gcleachtas, tairgeann an ball den FTG aiseolas, deimhníonn sí/sé agus spreagann sí féinmhuinín an MNC, admhaíonn sí/sé na nearta agus aithníonn sí/sé réimsí a bhféadfadh an MNC oibriú orthu:

- Tosaigh le rudaí dearfacha
- Cuir ceisteanna seachas ráitis a dhéanamh
- Bí saineúil
- Déan cur síos seachas meastóireacht a dhéanamh
- Díriú ar ghníomhartha a d'fhéadfaí a athrú
- Tabhair tús áite do na gnéithe sin a mbeadh an tionchar is mó acu ar fhoghlaim daltaí.



## Pleanáil Gníomhaíochtaí

Ag deireadh an phlé, aontaítear na chéad chéimeanna/ghníomhartha eile leis an MNC agus an tacaíocht ar leith atá de dhíth áit is gá. I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh tacaíocht de dhíth ó bhall den FTG nó ó chomhghleacaí a bhfui taithí acu agus tá siad seo san áireamh i ngníomhaíochtaí ionductaithe an MNC. I gcás ina n-aithnítear go bhfuil gá le forbairt ghairmiúil ar leith i bhfoirm cheardlainne, seimineár gréasáin srl., is féidir é sin a bhreithniú mar Ghníomhaíocht Ghairmiúil Bhreise Foghlama (Snáithe B). Ba chóir Sracphlean *Droichead* a thabhairt suas chun dáta nuair is gá.

Ar na príomhábhair a chuirtear san áireamh agus gníomhaíochtaí á bpleanáil tá dialóg mar aon le cur chuige dírithe ar réiteach agus spriocanna cliste a shocrú. Is acrainm é **SMARTER** a chabhraíonn chun pleanáil gníomhaíochtaí nó socrú spriocanna a threorú, de bhrí go soiléirítear smaointe agus iarrachtaí, go n-úsáidtear am agus acmhainní ar shlí tháirgiúil, agus go méadaíonn sé an dóchúlacht go mbainfear amach na torthaí inmhianaithe.

### **SMARTER:**

- specific
- measurable
- achievable
- relevant
- time-bound
- efficacy
- reviewed.

Chun príomheilimint an phlé iar-bhreathnóireachta a thaifeadfadh, féach *Aguisín 4* don **Cuntas Iar-bhreathnóireachta** a bhfuil pleanáil gníomhaíochta san áireamh ann. Iarrtar ar an MNC agus spreagtar iad chun torthaí aontaithe (seachas na sonraí) an phlé a thaifeadadh. Tosaigh leis na nearta agus téigh ar aghaidh chuig an réimse/na réimsí forbartha, agus tabhair tús áite do ghnéithe is mó a mbeadh tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí.

Nuair a bheidh an *Cuntas Iar-bhreathnóireachta* sínithe ag an MNC agus an ball den FTG, cuirtear cóip de ar fáil don MNC agus don FTG dá gcuntais féin. Féadfaidh MNCanna rogha a dhéanamh chun an *Cuntas Iar-bhreathnóireachta* a chur san



áireamh ina dTaisce agus cóip a thabhairt don FTG, ní amháin dá gcuntas ach chun iar-obair a dhéanamh ar na straitéisí/bearta aontaithe ag an gcéad chruinniú sceidealta eile (m.sh. Ar tugadh deis don MNC breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoir B i mbun rang Ealaíne?) Cumasaíonn sé sin leanúnachas agus comhsheasmhacht tacaíochta ón FTG iomlán agus dúshlán cuí le tacaíocht allínithe don MNC.

Moltar oscailteacht agus trédhearcacht i bpróiseas *Droichead*. Is iad na *Cuntais Iar-bhreachnóireachta* sínithe an t-aon sraith cuntas a choimeádtar de na breathnóireachtaí. Tar éis an *Cuntas Iar-bhreachnóireachta* aontaithe a thabhairt chun críche, ba chóir nótaí a rinne ball den FTG (le linn na breathnóireachta) a scríosadh.

## 7. Príomh-mheabhrúcháin

### Príomh-mheabhrúcháin

- Níl an bhreachnóireacht ach gníomhaíocht **amháin** ionductaithe
- Breathnaíonn an MNC ar mhúinteoir eile nó ball den FTG sula ndéantar an bhreachnóireacht ar an MNC
- Ba chóir an MNC a spreagadh chun múineadh a dhéanamh sa réimse inar mó a riachtanas foghlama
- Is é riachtanas an MNC a chinneann líon na mbreachnóireachtaí
  - dhá bhreachnóireacht ar a laghad a dhéanfadh an MNC
  - dhá bhreachnóireacht ar a laghad ar an MNC
- Breathnóireacht *ar an* MNC: baineann an Timthriall Cóitseála leis na céimeanna réamhbreachnóireachta agus iar-bhreachnóireachta
- Piarbhreachnóireacht agus áis forbraíochta – ní cigireacht é; níl aon mheastóireacht i gceist
- Ní dhéantar aon bhreachnóireacht deiridh
- Caithfear breathnóireacht a dhéanamh ar an MNC i suíomh oiriúnach ina bhfuil siad fostaithe



- Caithfidh ball amháin den FTG a bheith páirteach i ngach breathnóireacht a dhéantar ar MNC
- Ba choir do bhaill éagsúla den FTG breathnóireacht a dhéanamh ar an MNC ó thús deireadh phróiseas Droichead.





**8. Aguisíní****Aguisín 1: Cuntas de Bhreathnóireacht a dhéanfadh an MNC**


<b>Cuntas Breathnóireacht</b>	
<b>MNC ag breathnú ar mhúinteoir eile (is féidir gur ball den FTG í/é).</b>	
<b>Múinteoir a bhfuil taithí acu:</b>	<b>An MNC mar bhreathnóir</b>
<b>Dáta:</b>	<b>Ábhar:</b>
<b>Am:</b>	<b>Fócas:</b>
<b>Rang:</b>	
<b>Dhá ghné ar chuir mé spéis iontu agus a usáidfídh nó a chuirfídh mé in oiriúnt do mo rang féin, b'fhéidir</b>	
<b>(i)</b>	<b>(ii)</b>
<b>Gné amháin ar mhaith liom tuilleadh a fháil amach faoi</b>	



## Aguisín 2: Creat Réamhbhreathnóireachta le Leideanna Plé

### Creat Réamhbhreathnóireachta le Leideanna Plé

- Riachtanas agus Fócas:** Aontaíonn an FTG i gcomhar leis an MNC cibé an gá an bhreathnóireacht agus cén fócas a bheidh aige sula dtosaítear an plé réamhbhreathnóireachta (Caighdeán agus Plean Ionduchtaithe Droichead: Anailís ar na Riachtanais).
- Plean:** Tugann an MNC an ceachtphlean i dtrácht agus a bplean seachtainiúil chuig an bplé réamhbhreathnóireachta. Ba chóir don bhall den FTG a dhéanfaidh an bhreathnóireacht **dul i mbun oibre leis an MNC** le cinntiú go bhfuil an plean **ullamh don seomra ranga**.
- Cuspóir agus tábhacht an phlé réamhbhreathnóireachta: *“Within a few days prior to the scheduled classroom observation, ...meet privately for about 20 to 30 minutes to discuss... Your objective here is to get your mentee to **express and clarify learning objectives** [sic], **fine-tune strategies, anticipate student behaviours, firm up plans for monitoring student learning, and consider ways to adjust instruction**... your function ... is to ask **probing questions** in ways that will not only encourage your mentee to come up with **ideas to enrich the lesson plan**, but will also provide him or her with the opportunity to gain confidence as a reflective practitioner who thinks through the consequences of his or her [sic] plans and actions and makes modifications based on thoughtful consideration of outcomes”* (Teacher Mentoring and Induction, Hal Portner, 2008).



- Lóistíocht:** Le haontú

<p><b>An comhrá a Scafalú</b></p> <p>Is ionann na codanna scáthaithe agus an <b>Plean Gearrthéarmach</b></p> <p>Ba chóir gach réimse a phlé ar dtús leis an MNC agus tacaíocht a thabhairt áit is gá.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li><b>Riachtanas nó Fócas: Aontaithe cheana féin</b></li> <li><b>An ceacht is oiriúnaí don fhócas: Aontaithe cheana féin</b></li> </ul>
<p><b>Cuspóirí/Torthaí/ Fócas na Foghlama:</b></p> <p><i>Cad ba chóir a bheith ar eolas ag na daltaí ag deireadh an cheachta/Cad ba chóir dóibh a bheith in ann a dhéanamh?</i></p> <p><i>An mbeidh <b>gach</b> dalta in ann é sin a dhéanamh?</i></p>	<p><b>Gníomhaíochtaí, Straitéisí, Modheolaíochtaí agus Bainistíocht na Foghlama:</b></p> <p><i>Conas a bhainfidh mé amach na torthaí foghlama?</i></p> <p><i>Cad a dhéanfaidh an múinteoir?</i></p> <p><i>Cad a dhéanfaidh an Cúntóir Riachtanas Speisialta (más cuí)?</i></p> <p><i>Cad a dhéanfaidh na daltaí?</i></p> <p><i>Cad a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach anseo?</i></p>
<p><b>Idirdhealú:</b></p> <p><i>Cé dóibh é? Céard é? Conas?</i></p>	<p><b>Measúnú</b></p> <p><i>Cá bhfios duit gur fhoghlaim na páistí rud ar bith?</i></p>
<p><b>Achmhainní:</b></p> <p><i>Cad iad na hacmhainní a thacóidh leis an bhfoghlaim?</i></p> <p><i>An úsáidfidh na daltaí uile na hacmhainní céanna? Conas a gheobhaidh na daltaí na hacmhainní?</i></p>	
<p><b>Tar éis gach ceann de na gnéithe thuas a phlé leis an MNC agus an plean a bheachtú i gcomhar, an bhfuil an plean atheagraithe ullamh anois don seomra ranga?</b></p>	<p><b>Agus an Lóistíocht ar Deireadh:</b></p> <p>Am/fad an cheachta?</p> <p>Ionad an cheachta (m.sh. seomra ranga; halla gleacaíochta; leabharlann)?</p> <p>Ról bhall an FTG (m.sh. cómhúinteoir/breathnóir)?</p> <p>Áit bhreathnóireachta (m.sh. bord ar chúl an tseomra)?</p> <p>An mbeidh an ball den FTG ag breacadh síos nótaí?</p> <p>Am agus áit aontaithe don phlé iar-bhreathnóireachta</p>

**Aguisín 3: Creat Réamhbhreathnóireachta agus Ceachtphlean ar Leith**

<b>Creat Réamhbhreathnóireachta agus Ceachtphlean ar Leith</b> <i>Ní féidir leis an MNC eagarthóireacht a dhéanamh ar an teimpléad seo. Tá sé ailínithe leis an bPlean Gearrthéarmach seachtainiúil.</i>	
<b>MNC:</b> <b>Rang/Grúpa/Dalta:</b> <b>Ball den FTG:</b> <b>Dáta:</b>	<b>Riachtanas/Fócas:</b>  <b>An ceacht is oiriúnaí don fhócas:</b>
<b>Cuspóirí/Torthaí/Fócas na Foghlama:</b>	<b>Gníomhaíochtaí, Straitéisí, Modheolaíochtaí agus Bainistíocht na Foghlama:</b>
<b>Idirdhealú:</b>	<b>Measúnú:</b>
<b>Achmhainní:</b>	
<b><i>Tar éis gach ceann de na gnéithe thuas a phlé leis an mball den FTG agus an plean a bheachtú i gcomhar más gá, an bhfuil an plean atheagraithe ullamh anois don seomra ranga?</i></b>	<b>Faoi dheireadh:</b> <b>Am/fad an cheachta?</b> <b>Ionad an cheachta (m.sh. seomra ranga, halla gleacaíochta nó leabharlann)?</b> <b>Ról bhall an FTG (m.sh. cómhúinteoir nó breathnóir)?</b> <b>Áit breathnóireachta (m.sh. bord ar chúl an tseomra)?</b> <b>An mbeidh an ball den FTG ag breacadh síos nótaí?</b> <b>Am agus áit aontaithe don phlé iarbhreathnóireachta:</b>



**Aguisín 4: Cuntas Iar-bhreathnóireachta ar an MNC (teimpléad)**

<b>Cuntais Iar-bhreathnóireachta</b> <b>Breathnóireacht á déanamh ag ball den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla ar an MNC</b>	
<b>MNC:</b>  <b>Rang:</b>  <b>Ball den FTG:</b>	<b>Dáta:</b>  <b>Ionad:</b>
<b>Fócas na breathnóireachta seo:</b>	
<b>Neartha (ó na 4 thaobh seo a leanas):</b>  <input type="checkbox"/> <b>Múineadh:</b>  <input type="checkbox"/> <b>Foghlaim:</b>  <input type="checkbox"/> <b>Measúnú:</b>  <input type="checkbox"/> <b>Bainistíocht:</b>	<b>Réimse/í forbartha:</b>
<b>Na tosaíochtaí faoi láthair:</b>	<b>Céard atá le déanamh agus cé a dhéanfaidh é:</b>
<b>An tacaíocht is gá:</b>	<b>Athbhreithniú, cé a dhéanfaidh agus cathain:</b>
<b>Síniú    Dáta:</b>  MNC:  Ball den FTG:	



**Aguisín 5: Iar-bhreathnóireacht MNC (taifead samplach) Tabhair faoi deara:**  
Comhlánaíodh an taifead iar-bhreathnóireachta **samplach** seo tar éis na breathnóireachta ar an gceacht, Cruth agus Spás; taispeántar físeán den mhéid sin ar an tríd lá d'oiliúint FTG.

Taifead Iar-bhreathnóireachta	
Ball den FTG ag breathnú ar an MNC	
<b>MNC:</b> S O'M <b>Rang:</b> Naionáin bheaga <b>Ball den FTG:</b> GH	<b>Dáta:</b> 1 Feabhra <b>Ionad:</b> Seamra ranga an MNC
<b>Príomhchúram na breathnóireachta seo:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>● Cá éifeachtaí atá an ceistiúchán ó thaobh chuimsiú na bhfoghlaimoirí uile de/idirdhealú agus measúnú?</li> <li>● Cé mhéad den fhoghlaim atá ar bun ag na daltaí?             <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Cad atá ag cur leis an bhfoghlaim?</li> <li>○ Cad atá ag cur bac leis an bhfoghlaim?</li> </ul> </li> </ul>	
<b>Láidreachtáí</b> (ó na 4 dhearcadh seo a leanas): <ul style="list-style-type: none"> <li>● <b>Teagasc</b> - cuspóirí foghlama soiléire, dea-mhodhanna ceistiúcháin, úsáid bainte as réamheolas agus naisc déanta le réamhfhoghlaim (sórtáil agus cruthanna 3T), léiriú déanta ar smaointeoireacht os ard, úsáid na Gaeilge</li> <li>● <b>Foghlaim</b>- bhí na páistí gafa go gníomhach, úsáid as timpeallacht an tseomra ranga, gníomhaíochtaí oibre grúpa, foghlaim theagmhálach le láimhseoga, deiseanna chun stór focal gaolmhar agus stór focal nua a úsáid</li> <li>● <b>Measúnú</b> - dea-cheistiúchán, úsáid as straitéis na n-ordóg</li> <li>● <b>Bainistíocht</b> - cuid mhór fianaise ar dhea-straitéisí bainistíochta ranga, m.sh. ceannairí a cheapadh, lámha san ucht, 3,2,1, dáimhiúlacht mhaith, spás sábháilte chun botúin a dhéanamh, dea-iompraíochtaí a atreisiú go dearfach, dáileadh acmhainní, moladh briathartha agus moladh neamhbhriathartha agus ábhair a ullmhú roimh ré</li> </ul>	<b>Réimse/í a d'fhéadfaí a fhorbairt:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>● Tráthúlacht agus luas an cheachta</li> <li>● Léiriú agus míniú ar na gníomhaíochtaí — cinntigh go dtuigeann na páistí an ghníomhaíocht ina hiomláine (sealaíocht)</li> <li>● Cíoradh a dhéanamh ar úsáid na n-ábhar ó thaobh na bpáistí de, e.g. úsáid a bhaint as <i>Blu Tack</i> seachas maighnéid chrutha agus úsáid a bhaint as cairt taispeána níos mó.</li> </ul>
<b>Na Príomhthosaíochtaí faoi láthair:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>● Tráthúlacht agus luas na gceachtanna</li> <li>● Míniú soiléir ar na gníomhaíochtaí do na daltaí</li> </ul>	<b>Bearta atá le déanamh, acu siúd lena mbaineann:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>● Ní mór do MNC breithniú a dhéanamh ar an méid ábhair atá ina c(h)eachtanna le go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar gach gné de gach ceacht</li> <li>● Ní mór don MNC breithniú a dhéanamh ar chúrsaí ama freisin, is é sin go leor ama a leagan síos chun gníomhaíochtaí agus measúnú a mhíniú agus chun dul i ngleic leo</li> </ul>
<b>Tacaíocht a theastaíonn:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>● Tacaíocht ar bith. Cuirfidh MNC na moltaí i bhfeidhm sa seomra ranga agus rachaidh siad i gcomhairle le PST chun tacaíocht a fháil má bhíonn siad de dhíth</li> </ul>	<b>Athbhreithniú, acu siúd lena mbaineann agus cathain:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>● MNC agus ball de FTG, an tseachtain dar tús an 6 Márta</li> </ul>
<b>Sínithe:</b> <b>MNC:</b> <b>Ball den FTG:</b>	<b>Dáta:</b>

